2024/202

9.1.2024

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/202 ÓN gCOIMISIÚN

**an 8 Eanáir 2024**

**lena leasaítear Treoir 2002/56/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an dáta a leagtar síos in Airteagal 21(3) arb é an dáta deiridh é go n-údarófar do na Ballstáit síneadh a chur le bailíocht cinntí maidir le coibhéis prátaí síl ó thríú tíortha**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024)3)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 21(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2002/56/CE foráiltear, le héifeacht ó dhátaí áirithe, nach bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh dóibh féin maidir le coibhéis prátaí síl a bhaintear i dtríú tíortha agus prátaí síl a bhaintear laistigh den Aontas agus a chomhlíonann an Treoir sin.

(2) Ós rud é nár cinneadh coibhéis an Aontais le haghaidh prátaí síl ó thríú tíortha,áfach, le Treoir 2002/56/CE údaraíodh do na Ballstáit síneadh go dtí an 31 Márta 2024 a chur le bailíocht na gcinntí coibhéise a ghlac siad cheana féin le haghaidh prátaí síl ó thríú tíortha áirithe.

(3) Ós rud é nár cinneadh coibhéis an Aontais maidir le prátaí síl ó thríú tíortha fós, ba cheart bailíocht na gcinntí sin a leathnú tuilleadh chun cur isteach ar phatrúin trádála a sheachaint. Tá na patrúin trádála sin ábhartha go háirithe maidir leis na críocha sin nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar allmhairiú prátaí síl iontu, mar a leagtar amach i bpointe 15 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]), toisc nach gcumhdaítear iad leis an dara fomhír d'Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(4) Dá bhrí sin, agus na hinfheistíochtaí is gá chun prátaí síl a tháirgeadh á gcur san áireamh, is iomchuí síneadh 7 mbliana a chur leis an tréimhse sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2002/56/CE a leasú dá réir.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Sa chéad fhomhír d'Airteagal 21(3) de Threoir 2002/56/CE, cuirtear '31 Márta 2031' in ionad an dáta '31 Márta 2024'.

([1]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 60.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*